Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Iúil 2016
(OR. en)

10914/16

**Comhad Idirinstitiúideach:
2014/0285 (COD)**

VOTE 44
INF 127
PUBLIC 47
CODEC 1021

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | – Toradh na vótála<br>– Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic trosc, scadán agus salán i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007 ón gComhairle<br>= Glacadh an ghnímh reachtaigh (GR)<br>= Toradh an nós imeachta i scríbhinn curtha i gcrích 1 Iúil 2016 |

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an nóta seo.

Doiciméad tagartha:

PE-CONS 15/16

a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, ar an 29.06.2016

Is in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an nóta seo atá na ráitis agus/nó na míniúcháin a tugadh maidir leis an vótáil.

General Secretariat of the Council

| | |
|---|---|
| Institution: | **Council of the European Union** |
| Session: | |
| Configuration: | |
| Item: | **2014/0285 (COD)** (Document: **15/16**) |
| Voting Rule: | **qualified majority** |
| Subject: | Regulation of the European Parliament and of the Council establishing a multiannual plan for the stocks of cod, herring and sprat in the Baltic Sea and the fisheries exploiting those stocks, amending Council Regulation (EC) No 2187/2005 and repealing Council Regulation (EC) No 1098/2007 |

| Vote | Members | | Population (%) |
|---|---|---|---|
| Yes | 27 | | 99,61% |
| No | 0 | | 0% |
| Abstain | 1 | | 0,39% |
| Not participating | 0 | | |
| Total | 28 | | |

Sitting date: **01/07/2016**

Final result

| Member State | Weighting | Vote | Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|---|---|---|
| **BELGIQUE/BELGIË** | 2,21 | Yes | **LIETUVA** | 0,57 | Yes |
| **БЪЛГАРИЯ** | 1,42 | Yes | **LUXEMBOURG** | 0,11 | Yes |
| **CESKÁ REPUBLIKA** | 2,05 | Yes | **MAGYARORSZÁG** | 1,94 | Yes |
| **DANMARK** | 1,11 | Yes | **MALTA** | 0,08 | Yes |
| **DEUTSCHLAND** | 15,93 | Yes | **NEDERLAND** | 3,37 | Yes |
| **EESTI** | 0,26 | Yes | **ÖSTERREICH** | 1,69 | Yes |
| **ÉIRE/IRELAND** | 0,91 | Yes | **POLSKA** | 7,47 | Yes |
| **ΕΛΛΑΔΑ** | 2,13 | Yes | **PORTUGAL** | 2,04 | Yes |
| **ESPAÑA** | 9,12 | Yes | **ROMÂNIA** | 3,90 | Yes |
| **FRANCE** | 13,04 | Yes | **SLOVENIJA** | 0,41 | Yes |
| **HRVATSKA** | 0,83 | Yes | **SLOVENSKO** | 1,06 | Yes |
| **ITALIA** | 12,07 | Yes | **SUOMI/FINLAND** | 1,08 | Yes |
| **ΚΥΠΡΟΣ** | 0,17 | Yes | **SVERIGE** | 1,92 | Yes |
| **LATVIJA** | 0,39 | Abstain | **UNITED KINGDOM** | 12,73 | Yes |

** When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (16 MS) accounting for at least 65% of the population*

*For information: http://www.consilium.europa.eu/public-vote*

RÁITIS

## Ráiteas ón gCoimisiún

**Maidir le hAirteagal 9 — Réigiúnú**

Nuair a bheidh gníomhartha tarmligthe á moladh agus á nglacadh aige faoi fhorálacha an phlean sin maidir le réigiúnú, comhlíonfaidh an Coimisiún an creat atá leagtha amach sa bhunrialachán (go háirithe Airteagal 18), agus leanfar leis an gcleachtas arna bhunú faoin mbunrialachán maidir le próiseas an réigiúnaithe a chur chun feidhme amhail mar atáthar a dhéanamh ó 2014 i leith.

## Ráiteas ó thoscaireacht na Laitvia

Tacaíonn an Laitvia, ar an mórchóir, le príomhchuspóir an rialacháin .i. cuidiú le cuspóirí an chomhbheartais iascaigh a bhaint amach, uastáirgeacht inbhuanaithe a shroicheadh agus a choinneáil le haghaidh stoic trosc, scadán agus salán i Muir Bhailt. Aithníonn an Laitvia an tábhacht ghinearálta a bhaineann le pleananna ilspeiceas agus ilbhliantúla a fhorbairt agus a chur chun feidhme laistigh de chreat an chomhbheartais iascaigh.

Tá an Laitvia den tuairim, áfach, gur cheart go gcuideodh plean ilspeiceas agus ilbhliantúil Mhuir Bhailt le cuspóirí an chomhbheartais iascaigh a bhaint amach i gcaoi go bhféadfaí a áirithiú go mbeidh an t-iascach inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil san fhadtréimhse agus go ndéanfar é a bhainistiú i gcaoi go mbeidh sé ag cloí leis na cuspóirí i dtaca le sochair don gheilleagar, don tsochaí agus don fhostaíocht agus i dtaca le soláthairtí bia a bheith ar fáil.

Sna príomhairteagail den rialachán atá beartaithe, ar dá réir a d'fhéadfaí deiseanna iascaireachta a shocrú (Airteagal 4 agus Airteagal 5, Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II), tá crostagairtí gabhlánacha atá bunaithe ar dhá shraith de raonta básmhaireachta iascaireachta agus ar dhá shraith de phointí tagartha don bhithmhais iascaigh, agus iad arna socrú i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil. Dá bhrí sin, siúd is go dtagraítear go mionsonrach sna hairteagail sin d'aidhmeanna an chomhbheartais iascaigh i dtaca le hacmhainní a chaomhnú, níl tagairt ar bith d'aidhmeanna dlisteanacha comhthábhachtacha eile an chomhbheartais iascaigh, amhail na gnéithe socheacnamaíocha agus leas na n-oibreoirí agus na ndaoine atá ag brath ar an earnáil iascaigh. Is cur chuige neamhchothrom é sin, dar leis an Laitvia, agus is ábhar imní di, ráite na critéir réamhráite sin, go gcuirfí srianta gan údar ar chur i bhfeidhm raon iomlán na raonta básmhaireachta iascaireachta a bhfuil údar eolaíoch leo, tráth a socraítear na deiseanna ilbhliantúla iascaireachta.

Fairis sin, níl eolas eolaíoch leordhóthanach ar fáil i ndáil le cuid de na pointí tagartha in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II. Mar shampla, níor sainíodh na raonta básmhaireachta iascaireachta in Iarscríbhinn I i ndáil le 2 as 8 stoc i Muir Bhailt agus níor sainíodh na pointí tagartha don bhithmhais stoic sceite in Iarscríbhinn II i ndáil le 4 as 8 stoc i Muir Bhailt. In éagmais raonta iomlána, ní féidir a mheas go bhfuil an plean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt iomlán feidhmiúil agus níl aon sásra laistigh den phlean féin faoin gcaoi ar féidir dul i ngleic le saincheisteanna den sórt sin.

Iarrann an Laitvia ar an gCoimisiún, agus na deiseanna iascaireachta ilbhliantúla á moladh aici, infhaighteacht agus cur i bhfeidhm na sonraí eolaíocha is déanaí a chur san áireamh chomh maith leis an ngá atá le cuspóirí uile an chomhbheartais iascaigh a chur sa mheá, ach gan an bonn a bhaint de na cuspóirí sin a bhaineann leis an gcobhsaíocht shóisialta agus eacnamaíoch san earnáil iascaigh

Staonfaidh toscaireacht na Laitvia ón vótáil ar an bPlean Bainistithe Ilspeiceas Ilbhliantúil do Mhuir Bhailt faoi mar a sheasann sé faoi láthair.